Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**6742/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0038(BUD)**

**FIN 322**
**SOC 109**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| An: | 11 Feabhra 2026 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 6274/26 |
| Ábhar: | Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón Bheilg (EGF/2025/007 BE/Casa)<br>• *Formheas* |

1. An 11 Feabhra 2026, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) a shlógadh, maille leis an togra comhfhreagrach maidir le haistriú leithreasuithe Uimh. DEC 04/2026[1].

2. Is é is aidhm don togra €1.92 milliún a shlógadh faoi CED chun freastal ar iarratas ón mBeilg ar an gCiste a shlógadh chun cúnamh a chur ar fáil chun 416 thairbhí spriocdhírithe a athimeascadh sa mhargadh saothair tar éis iomarcaíochtaí oibrithe in Casa International, a bhfuil 65 asraon miondíola acu ar fud na Beilge, agus Casa Logistics, atá freagrach as stóráil agus dáileadh ar na hasraonta sin, i gcomhréir leis na critéir idirghabhála a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) 2021/691[2].

[1] 6294/26.
[2] Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 (IO L 153, 3.5.2021, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/691/oj).

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra ag an gcruinniú a bhí aige an 25 Feabhra 2026 agus bhí sé in ann é a fhormheas.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle téacs an Chinnidh maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a shlógadh, mar a leagtar amach in 6743/26 é, a fhormheas.